

Cuideachta Sealbhaíochta CIÉ

**Scéim Teanga
2019-2022**

Faoi Alt 11

d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

1. Réamhrá

Is í seo an chéad Scéim Teanga arna ullmhú ag Cuideachta Sealbhaíochta CIÉ faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 ("an tAcht"), mar chuid de Scéim Ghrúpa CIE.

Foráiltear faoi Alt 11 den Acht go n-ullmhóidh comhlachtaí poiblí scéim reachtúil ina leagtar amach na seirbhísí a chuirfidh siad ar fáil:

- i nGaeilge;
- i mBéarla; agus
- i nGaeilge agus i mBéarla araon;

agus na céimeanna a ghlacfar chun a chinntiú, maidir le seirbhísí áirithe nach gcuireann CIÉ ar fáil i nGaeilge, go gcuirfear iad ar fáil i nGaeilge taobh istigh de thréimhse ama aontaithe.

2. Ullmhúchán don Scéim Teanga

Ullmhaíodh an scéim seo ar iarratas ón Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta faoi Alt 11 den Acht agus i gcomhréir leis na Treoirínte faoi Alt 12 den Acht céanna.

Mar ullmhú don scéim seo, bunaíodh Coiste Gaeilge inmheánach i nGrúpa CIE chun díriú ar réimsí éagsúla na scéime, agus an méid is féidir a bhaint amach ins na blianta atá romhainn a chur san áireamh.

Faoi Alt 13 den Acht, foilsíodh fógra poiblí go raibh sé ar intinn againn dréachtscéim a ullmhú faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Fuarthas cúig aighneacht déag agus scrúdaíodh iad; breathnaíodh iad seo nuair a bhí an scéim á hullmhú. Gabhann CIÉ buíochas le gach duine a chuir de dhua orthu féin páirt a ghlacadh sa phróiseas seo.

3. Ábhar na Scéime Teanga

Is aidhm don Scéim seo an tseirbhís atá curtha ar fáil ag Cuideachta Sealbhaíochta CIÉ i nGaeilge a fheabhsú agus a bhreisiú. Tá cuntas achomair ann ar na seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge faoi láthair agus ar na pleananna chun soláthar na seirbhísí a fheabhsú le linn tréimhse na scéime trí bliana seo.

4. Dáta Thosach Feidhme na Scéime

Tá an Scéim deimhnithe ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Tiocfaidh an Scéim i bhfeidhm ó 08 Aibreán 2019 agus mairfidh sí i bhfeidhm go ceann trí bliana ón dáta sin nó go dtí go ndeimhníonn an tAire scéim nua, de bhun Alt 15 den Acht, cibé acu is déanaí.

5. Cur síos ginearálta ar CIÉ

Is comhlacht corparáideach é Córas Iompair Éireann a bunaíodh faoin Acht Iompair 1950. Leagadh amach a chumhachtaí ginearálta, dualgais agus feidhmeanna ar dtús san Acht Iompair 1950, ach rinneadh aisghairm, athlonnú agus leasú ag Achtanna Iompair agus reachtaíocht bhainteach eile dá éis sin, agus ag na hAchtanna Iompair 1958 agus 1964 ach go háirithe.

Is é dualgas ginearálta an Bhoird seirbhísí iompair réasúnta, éifeachtacha agus eacnamaíocha a sholáthar agus féachaint mar is cuí do shábháilteacht oibriúcháin, forbairt náisiúnta eacnamaíoch a spreagadh agus do choinníollacha réasúnta fostaíochta dá chuid fostaithe a chothabháil.

Tá fíis CIÉ ag teacht leis an sainordú reachtúil i.e. iompar bus agus iarnróid atá riachtanach ar bhonn sóisialta a sholáthar, ar chaoi a fheidhmíonn ar dhea-bhealach comhtháite, agus a chuireann le forbairt eacnamaíoch réigiúnach agus comhtháthú sóisialta ar bhonn cothrom agus ar chostas réasúnta.

Daréag comhalta arna gceapadh ag an Rialtas atá ar Bhord CIÉ. Ina measc tá ceathrar comhalta a cheapann an Rialtas go ceann téarma ceithre bliana tar éis a dtoghadh ag fostaithe an Ghrúpa. Is iad comhaltaí an Bhoird faoi láthair:

Fiona Ross Cathaoirleach

Mr. Tommy Wynne

Mr. Tom O'Connor

Mr. Stephen Hannan

Ms. Denise Guinan

Mr. Ultan Courtney

Mr. Aidan Murphy

Mr. Frank Allen

Mr. Liam O'Rourke

6. Tiomantas um sheirbhís a sholáthar i nGaeilge

Tacaíonn Iarnród Éireann leis na prionsabail maidir le Gaeilge, Béarla agus dátheangachas mar a leagtar amach iad in Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Táimid tiomanta maidir le freastal agus fónamh dar gcuid custaiméirí gur mian

leo a ngnó linn a dhéanamh i nGaeilge, a oiread agus is féidir leis na hacmhainní atá againn.

Féachann CIÉ leis an nGaeilge a chur chun cinn agus leis na seirbhísí a chuirimid ar fáil don phobal i nGaeilge a fheabhsú, agus cuirimid fáilte roimh ullmhú na scéime seo mar dheis chun bonn foirmeálta a chur faoi na seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge cheana féin agus chun seirbhísí i nGaeilge a leathnú.

Na Príomh-Mhodhanna Cumarsáide leis an bPobal

Is trí na fochuideachtaí oibriúcháin - Iarnród Éireann, Bus Éireann agus Bus Átha Cliath – is mó a bhíonn plé ag CIÉ leis an bpobal. Tá sonraí ar na scéimeanna teanga acusan leis seo. Is iad seo a leanas na príomh-mhodhanna cumarsáide ag Cuideachta Sealbhaíochta CIÉ leis an bpobal:

Seirbhísí Teileafóin

Cumarsáid Leictreonach

An Suíomh Gréasáin

An Preas/Poiblíocht

Litreacha

Seirbhísí a chuireann Cuideachta Sealbhaíochta CIÉ ar fáil i nGaeilge faoi láthair

Comhfhreagras

Freagraítear i nGaeilge gach litir agus ríomhphost a fhaightear i nGaeilge.

Suíomh Gréasáin

Tá méid teoranta den bhuanábhar dátheangach.

Fógraíocht

Tá fógraí a bhaineann le comharliúchan poiblí agus fógraí reachtúil eile dátheangach.

Foireann

Bheadh Gaeilge ag líon beag den bhfoireann.

Comharthaíocht

Tá comharthaíocht dátheangach.

Conraitheoirí Tríú Páirtí

Tá comharthaíocht ag conraitheoirí dátheangach sa chás go soláthraíonn siad seirbhísí don phobal thar ceann CIÉ - cuirtear é seo san áireamh sa phróiseas conartha.

Seirbhísí atá ar fáil i mBéarla amháin faoi láthair

Tá gach seirbhís eile ar fáil i mBéarla amháin.

Seirbhísí atá ar fáil faoi láthair i nGaeilge agus i mBéarla

- Tuarascáil Bhliantúil
- Foilseacháin – Doiciméid pholasaí, Comhairliúchán poiblí

7. Breisiú ar sheirbhís dhátheangach a chuirfear ar fáil

Príomh-Oifig CIÉ – uimhir theileafóin

Beidh deis ar fáil chun seirbhís trí chlár uathoibríoch Gaeilge a roghnú.

Spríodhata um chríochnú: faoi dheireadh dara bhliain na scéime seo.

Teachtaireachtaí Riomhphoist

Chomh maith leis na pointí lárnacha teagmhála do chustaiméirí, atá dátheangach, molfar do bhaill foirne an chuid roghnach de na freagraí 'as an oifig' a úsáid i nGaeilge agus i mBéarla araon.

Spríodhata um chríochnú: faoi dheireadh bhliain tosaigh na scéime seo.

Foilseacháin

Beidh príomh-thuarascálacha a fhoilsíonn CIÉ, an tuarascáil bhliantúil mar shampla, dátheangach, seachas lámhleabhair speisialaithe inmheánacha nó doiciméid shainiúla, theicniúla agus eolaíocha, a bheas ar fáil i mBéarla amháin.

Sa chás go mbeadh foilseachán dátheangach chomh fada san go mbeadh easnamh éifeachta nó iomarca costais dá dheascadh, féadfar leaganacha ar leith Gaeilge agus Béarla a sholáthar. Maidir leis seo, beidh ráiteas san dá leagan go bhfuil leagan sa teanga eile ar fáil.

Spríodhata um chríochnú: faoi dheireadh bhliain tosaigh na scéime seo.

Preaseisiúintí

Eiseofar preaseisiúintí agus ráitis a bhaineann le foilsiú tuarascálacha dátheangacha (an tuarascáil bhliantúil, mar shampla) i leagan dátheangach ó thosach na scéime.

Spriocdháta um chríochnú: ó thosach na Scéime seo.

Cumarsáid

Ar iarratas ó na meáin áitiúla agus/nó náisiúnta, beidh sé mar aidhm ag CIÉ a chinntiú go mbeidh urlabhraí le cumas labhartha Gaeilge, ar leibhéal cúí údaráis, ar fail le haghaidh agallaimh ag na meáin.

Spriocdháta um chríochnú: faoi dheireadh bhliain tosaigh na scéime seo.

Suíomh Gréasáin

Beidh an buanábhar ar fad ar fáil i nGaeilge.

Spriocdháta um chríochnú: faoi dheireadh dara bhliain na scéime seo.

Monatóireacht agus Athbhreithniú ar an Scéim

Is ar Roinn an Phríomh-Oifigigh Oibriúcháin a bheidh an cúram maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú na Scéime.

Tabharfar tuairisc bhliantúil ar dhul chun cinn chuig Bord CIÉ.

Tá sé i gceist go ndéanfar athbhreithniú ar an scéim seo tar éis 18 mhí ó thosach na scéime, agus arís ag deireadh na tréimhse trí bliana, chun a chinntiú go mbainfear amach na spriocanna aontaithe agus go gcuirfear dóthain seirbhísí agus tionscnaimh i nGaeilge ar fáil, chun freastal ar an éileamh faoi láthair agus amach anseo ó lucht an tionscail agus ar riachtanais Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

An scéim aontaithe a fhoilsiú

Foilseofar an scéim aontaithe arna chríochnú, maraon leis na gealltanais agus forálacha na scéime, don fhoireann agus don phobal i gcoitinne, trí na meáin seo a leanas:

- Preaseisiúint
- Suíomh Gréasáin na Cuideachta

Tá cóip den Scéim seolta chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.